

## Beartas Frithbhulaíochta Gaelscoil Chill Mhantáin

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Chill Mhantáin mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013
2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
  - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
  - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
  - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
  - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
  - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thairdeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta. 41

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallaíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

- 4 Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí áabhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):
- An Múinteoir Ranga
  - An Leas Phríomhoide
  - An Phríomhoide
- 5 Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrath ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):
- Cothaíonn an Ghaelscoil dea nósanna féinmheas, féinsmachta agus freagrachta i measc daltaí na scoile tríd an gClár Teagasc Críostaí, an gClár Bí Sabháilte agus an gClár Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus an Cód Iompair a chur i bhfeidhm
  - Cuirfear daltaí na scoile ar an eolas faoi bheartas na scoile agus déantar freagracht a chothú iontu ar shábháilteacht agus ar chúram dhaltaí eile i ngach gné den scoil.
  - Toisc go maireann bulaíocht in atmasféar rúnda déantar na daltaí a spreagadh chun insint ar aon eachtra bulaíochta a tharlaíonn. Cuirtear i gciann orthu gur iompar ceart, freagrach an insint sin. Beidh an chóras bosca buí i bhfeidhm sa scoil ionas go féidir le daltaí insint faoi eachtraí go rúnda.
  - An Polasaí Úsaide Imghlactha a chur i bhfeidhm.
  - Eolas agus feasacht na daltaí a spreagadh tríd seachtain frith bhulaíochta a reachtail sa scoil agus tríd aoi-chainteoirí a fháil chun labhairt leis na daltaí faoi na dainséirí de bhulaíocht ar an idirlín.
  - Tugann an Ghaelscoil aire faoi leith do pháistí atá “i mbaol” agus úsáidfean na córais feitheoireachta chun tacú leo a luaithe agus is gá agus freastalaítear ar riachtanaisí, nó na buairt atá ag daoine i slí mothálach.
  - Pléifear bulaíocht go rialta ag cruinnithe foirne agus coiméadfar an fhoireann ar fad ar an eolas faoi chásanna faoi leith.
  - Spreagtar an fhoireann neamhtheagasc mar feidhlí, rúnaí, cúntóirí um riachtanais speisialta, glantóirí agus ar aile le h-aon eachtraí d’iompair bulaíochta a fheiceann siad a insint.
  - Déantar eachtraí iompair mí oiriúnach dáirire sa chlós, a fheiceann an mhúinteoir ar an gclós nó a thuiriscítear don mhúinteoir ar an gclós a scríobh i leabhar eachtraí. Is don chlós amháin an leabhair Eachtraí agus Timpistí. Má thagann ceist bhulaíochta chun chinn déanfaidh an múinteoir iniúchadh ar an scéal a éascoidh an próiseas don pháiste atá thíos leis. Beidh múinteoirí tuisceannach, socair, neamhchorraithe, neamhchlaontach ag déileáil le gach páiste.
  - Coiméadfaidh an múinteoir nóta ar aon eachtra bulaíochta a tuairiscítear di.
- 6 Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfídh an scoil chun déileáil le cásanna d’iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):
- Má tá tuismitheoirí buartha go bhfuil bulaíocht á ndéanamh ar a bpáiste is chóir é seo a chur in iúl don mhúinteoir ranga.
  - Déanfaidh an múinteoir ranga nóta agus fiosrú ar gach líomhain bulaíochta. Má tá an múinteoir sásta, taréis an eachtra a fhiosrú, go raibh bulaíochta ar siúl, cuirfear an príomhoide/leasphríomhoide ar an eolas faoi.
  - Déantar eachtraí iompair mí oiriúnach dáirire sa chlós, a fheiceann an mhúinteoir ar an gclós nó a thuiriscítear don mhúinteoir ar an gclós a scríobh i leabhar eachtraí. Is don chlós amháin an leabhair Eachtraí agus Timpistí.
  - Tá dualgas ar an bhfoireann seachtareach agus ar thuismitheoirí líomhain bulaíochta nó eachtraí bulaíochta a fheiceann said a thuirisciú don fhoireann múinteoireachta.
  - Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas chomh luath agus is féidir faoi eachtraí bulaíochta lena bhfuil a bpáistí bainteach.
  - Is cóir don mhúinteoir ranga a bheith tuisceannach, socair neamhchorraithe, neamhchlaontach agus iad ag fiosrú aon chás bulaíochta. Is cóir labhairt leis na páistí ar fad atá páirteach sa chás bulaíochta chun an scéal

iomlán a fháil. Is cóir aon fhiosrú a stiúradh go mothálach le cearta na páistí ar fad chun chinn. Ba chóir do mhúinteoirí ag déanamh fiosrú ar eachtraí bulaíochta nóta scríofa a choimead ar an bhfiosrú sin. Seans go mbeidh sé cabhrach chomh maith iarraidh ar na daltaí páirteach a dtuairisc a scríobh síos ar an eachtra.

- Más grúpa páistí atá i gceist is cóir labhairt le gach páiste ina n-aonar agus ansin an grúpa le chéile. Is cóir cabhrú le chuile ball den ghrúpa déileáil le haon bhrú a d'fhéadfadh teacht ó na baill eile den ghrúpa.
- Déanfaidh an Ghaelscoil iarracht daltaí a spreagadh chun atmasféar oscailte a bheith acu ionas go feidir leo aon eachtra d'iompair mícheart a insint don mhúinteoir.
- Má thagtar ar an dtuairim gur bhulaíocht a bhí i gceist déanfaí iarracht cabhrú leis an bpáiste/na páistí taobh thiar den bhulaíocht agus taobh an pháiste atá thíos leis a thuiscint. Deirfear leis na daltaí taobh thiar den iompair bulaíochta go bhfuil siad ag briseadh an Cód Iompair agus an beartas Frith-Bhulaíochta. Beidh an scoil tuiscineach agus déanfaidh sé gach iarracht tacú le íobartach an iompair bulaíochta agus déantóir an iompair bulaíochta.
- I gcás go bhfeictear go bhfuil bulaíocht ar siúl, rachaidh an múinteoir/leas phríomhoide/príomhoide i dteagmháil le tuismitheoirí an dá thaobh. Míneoidh an múinteoir/leas phríomhoide/príomhoide na céimeanna atá chun a bheith tógtha agus an fáth, ag déanamh tagairt don pholasaí bulaíochta agus an Cód Smachta.
- Socrófaí cruinniú eile leis an dá thaobh leo féin féachaint an féidir an dá thaobh a thabhairt le chéile má tá an t-iobartach réidh.
- Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh:
  - Cibé ar scoireadh den iompar bulaíochta ó shin;
  - Cibé ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
  - Cibé an bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
  - Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile.
- I gcásanna go bhfeiceann an múinteoir nach bhfuil réiteach ar an bhfadhb tar éis 20 lá líonfaidh sé/sí isteach an fhoirm tuairisce. Tabharfar cóip don phríomhoide.
- I gcásanna bulaíochta déanta ag duine fásta, ardófar an eachtra leis an duine féin ar dtús agus muna reitítear an fhadhb déanfaidh an príomhoide/leasphríomhoide idirghabháil ar an scéal.
- Muna reitítear an scéal ar scoil, chuirfear Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta ar an eolas de réir céimeanna an beartais gearán scoile. I gcásanna nach féidir réiteach a fhail ar an bhfadhb tar éis dul tríd gach próiseis cuirfear an tuismitheoir ar an eolas faoina gcearta gearán a chur ag an Ombudsman do Leanaí.
- I gcásanna daoine fásta ba choir na céimeanna atá leagtha amach i bhfoilsíú an INTO "Ag Obair le Chéile - Céimeanna agus beartais le haghaidh caidrimh foirne dearfach" a leanúint.

7 Seo a leanas clár clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

Bainfidh an scoil úsáid as roinnt scéimeanna difriúla anseo:

- An Chóras "Gan Mhilleáin"
- An Chóras Grúpa tacaíochta

8 Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí  
Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtas chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9 An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

- 10 Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an 04/03/14.
- 11 Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.
- 12 Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Síniú: \_\_\_\_\_ Síniú: \_\_\_\_\_  
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide)

Dáta: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

**Athbhreithniú:**

<b>Cruthaithe</b>	
<b>Athbhreithniú déanta</b>	Deieadh Fómhair 2014
<b>Athbhreithniú le déanamh</b>	Meitheamh 2015